C/2026/6151

19.11.2026

MOLADH ON gCOMHAIRLE

an 9 Samhain 2026

lena gceadaítear don Iodáil imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú)

(C/2026/6151)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 26 de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach, De bharr an mhéid seo a leanas:

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is iad croíghnéithe chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais iad Rialachán (AE) 2024/1263, Rialachán leasaithe (CE) Uimh. 1467/97 ([2]) ón gComhairle, agus le Treoir leasaithe 2011/85/AE ón gComhairle ([3]). Is é is aidhm don chreat airgeadas poiblí atá fónta inbhuanaithe, mar aon le fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht, a chur chun cinn trí bhíthin athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Leis an gcreat, cuirtear úinéireacht náisiúnta chun cinn agus dírítear ar an meántéarma agus, ina theannta sin, tá forfheidhmiú éifeachtach comhleanúnach na rialacha i gceist leis.

(2) Maidir leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a leagtar amach i moladh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagail 17 (1), 19 nó 20 de Rialachán (AE) 2024/1263, is iad sin an táscaire oibriúcháin aonair le haghaidh an fhaireachais fhioscaigh bhliantúil a dhéantar ar gach Ballstát agus is iad atá i gcroílár an chreata rialachais eacnamaíoch. Leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a leagtar amach sa mholadh sin ón gComhairle, bunaítear srian buiséadach a mhairfidh 4 bliana nó 5 bliana, rud atá bunaithe ar thréimhse choigeartaithe 4 bliana ar féidir síneadh suas le 3 bliana breise a chur léi.

([1]) IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1467/oj).
([3]) Treoir 2011/85/AE ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L 306, 23.11.2011, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/85/oj).

(3) Déantar foráil sa chreat maidir le solúbthacht i ndáil le cur i bhfeidhm na rialacha i gcás imthosca eisceachtúla nach mbeidh smacht ag na Ballstáit orthu agus a mbeidh tionchar mór acu ar an airgeadas poiblí, i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/1263 ('an clásail éalaithe náisiúnta'). Sa dara cás sin, arna iarraidh sin do Bhallstát agus ar mholadh ón gCoimisiún bunaithe ar a chuid anailíse, féadfaidh an Chomhairle, laistigh de 4 seachtaine ón moladh ón gCoimisiún, moladh a ghlacadh lena gceadófar do Bhallstát imeacht óna uasrátaí fáis glanchaiteachais arna leagan síos ag an gComhairle (i) i gcás imthosca eisceachtúla nach mbeidh smacht ag an mBallstát sin orthu, (ii) i gcás ina mbeidh tionchar mór ag na himthosca sin ar airgeadas poiblí an Bhallstáit lena mbaineann, agus (iii) ar choinníoll nach gcuirfear inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma mar gheall ar an diall sin. Déanfaidh an Chomhairle teorainn ama a shonrú le haghaidh an diallta sin.

(4) Thug na Cinn Stáit nó Rialtais, ag teacht le chéile dóibh in Versailles an 10 agus an 11 Márta 2022, gealltanas go ndéanfaí cumais chosanta Eorpacha a neartú i bhfianaise an fhogha mhíleata a thug an Rúis faoin Úcráin. Athdhearbhaíodh na haidhmeanna sin sa Chompás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint. Sna Conclúidí uaithi maidir le cosaint Eorpach an 6 Márta 2025, chuir an Chomhairle Eorpach in iúl gur díol sásaimh di an rún atá ag an gCoimisiún a mholadh go ndéanfaí an clásal éalaithe náisiúnta faoin gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú, ar bhealach comhordaithe, mar bheart láithreach.

(5) Sa Teachtaireacht uaidh an 19 Márta 2025 ([4]), d'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit an uile úsáid a bhaint as an tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta ar bhealach comhordaithe d'fhonn an tionchar ar chumais chosanta an Aontais a uasmhéadú. Is é is aidhm don tsolúbthacht sin an t-aistriú chuig leibhéil níos airde caiteachais ar chosaint a éascú ar choinníoll nach gcuirfí an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma. De réir na Teachtaireachta sin, dá ndéanfaí an clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú, cheadófaí do na Ballstáit imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais arna leagan síos ag an gComhairle agus na pleananna fioscach-struchtúracha meántéarmacha á bhformhuiniú acu, nó, agus na conairí ceartaitheacha á mbunú acu faoin nós imeachta um easnamh iomarcach, a mhéid atá údar leis an diall sin mar gheall ar mhéadú ar chaiteachas cosanta i gcoibhneas leis an mbliain tagartha, agus a mhéid nach rachaidh an barrachas bliantúil le linn 2028 thar 1,5 % de OTI. Bheadh aon mhéadú thar an méid sin faoi réir na ngnáthmheasúnuithe ar chomhlíontacht. Tá gá leis an uasmhéid sin chun a áirithiú nach gcuirfear inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol agus, an tráth céanna, chun go mbeidh na Ballstáit in ann tairbhiú den tsolúbthacht agus iad ag bogadh i dtreo leibhéal níos airde caiteachais cosanta. Cinnfear na méideanna beachta nuair a bheidh sonraí olltoraidh ar fáil, chun a áirithiú nach n-úsáidfear an tsolúbthacht bhreise ach amháin chun na críche atá beartaithe di.

(6) Sa Teachtaireacht uaidh an 3 Meitheamh 2026, d'fhógair an Coimisiún go bhféadfaí raon feidhme an chlásail éalaithe náisiúnta a leathnú chun freastal ar na bearta arna gcinneadh ag na Ballstáit tar éis an 28 Feabhra 2026 lena neartaítear athléimneacht struchtúrach chóras fuinnimh na hEorpa agus lena gcuirtear dlús leis an aistriú ó bhreoslaí iontaise (dá ngairtear 'bearta slándála fuinnimh' anseo feasta) ([5]). An 18 Lúnasa 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún fógra ina raibh treoraíocht bhreise do na Ballstáit maidir le raon feidhme agus dearadh na solúbthachta breise le haghaidh bearta slándála fuinnimh ([6]). Ba cheart na bearta a mhaoiniú go náisiúnta, le tionchar buiséadach díreach, rud a cinneadh tar éis an 28 Feabhra 2026, agus ba cheart iad a bheith spriocdhírithe,costéifeachtach agus iad a cheapadh chun an tionchar a uasmhéadú ó thaobh a rannchuidithe le dícharbónú agus/nó coigilteas fuinnimh agus chun slándáil fuinnimh na hEorpa a neartú. Chun a áirithiú nach gcuirfear an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol, agus chun an méadú is gá ar an gcoigeartú fioscach a shrianadh i dtréimhsí ina dhiaidh sin, níl aon athrú ar an uasteorainn 1,5 % de OTI atá ann cheana agus tá feidhm aici maidir leis an tsolúbthacht a bhaineann le cosaint agus le fuinneamh araon. Thairis sin, níor cheart an tsolúbthacht a dheonaítear le haghaidh bearta slándála fuinnimh a bheith níos mó ná 0,3 % de OTI in aghaidh na bliana, agus níor cheart an tsolúbthacht charnach faoi dheireadh 2028 a bheith níos mó ná 0,6 % de OTI.

(7) Leis an Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 ([7]), formhuiníodh conair ghlanchaiteachais na hIodáile. Ina theannta sin, leis an Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 ([8]), bunaíodh conair cheartaitheach chaiteachais don Iodáil d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh faoi 2026. An tsolúbthacht dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta, déanfar í a mheas freisin i gcur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach, agus nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil gníomhaíocht éifeachtach déanta ag an Iodáil.

([4]) Teachtaireacht ón gCoimisiún (C (2025) 2000 final) an 19 Márta 2025.
([5]) Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Seimeastar Eorpach 2026 – Pacáiste an Earraigh (COM(2026)200 final).
([6]) Fógra ón gCoimisiún – Treoraíocht do na Ballstáit maidir le Leathnú Raon Feidhme an Chlásail Éalaithe Náisiúnta maidir leis an tSlándáil Fuinnimh, (IO C, C/2026/4514, 18.8.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/4514/oj).
([7]) Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta na hIodáile (IO C, C/2025/651, 10.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/651/oj).
([8]) Moladh ón gComhairle d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh san Iodáil, 5035/25. Le fáil ag: https://economy-finance.ec.europa.eu/document/download/b14462ba-d50b-4360-b538-086ce2360b17_en?filename=ecofin_5035_it.pdf.

(8) An 11 Meán Fómhair 2026, chuir an Iodáil iarraidh faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin chun an clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú don chosaint agus do shlándáil fuinnimh.

(9) San iarraidh sin, cuireann an Iodáil i dtábhacht ar iarmhairtí chogadh foghach leanúnach na Rúise ar an Úcráin, lena n-éilítear méadú mór ar chaiteachas cosanta. Is imthoisc eisceachtúil é sin nach bhfuil smacht ag na Ballstáit uirthi.

(10) San iarraidh sin, tuairiscíonn an Iodáil sonraí maidir le caiteachas cosanta iomlán go dtí 2026 (Tábla 1) agus tá sé beartaithe aici caiteachas cosanta breise suas le 0,9 pointe céatadáin de OTI a bheith ann faoi dheireadh 2028. Léireodh an méadú cláir infheistíochta ilbhliantúla nua agus caiteachas reatha breise araon, lena n-áirítear costais phearsanra níos airde agus costais oibriúcháin eile. Dá bhrí sin, tá tionchar mór ag an méadú ar chaiteachas cosanta ar airgeadas poiblí na hIodáile agus cuireann sé le comhardú an rialtais a laghdú agus le fiachas rialtais a mhéadú.

Tábla 1

Caiteachas cosanta iomlán san Iodáil

	2021 a	2022 a	2023 a	2024 a	2025 b	2026 b
Caiteachas cosanta iomlán rialtais ghinearálta (% de OTI)	1,4	1,2	1,2	1,3	1,3	1,3

Foinse: a: Eurostat. b: Faisnéis a thug an Iodáil don Chomhairle agus don Choimisiún.

(11) Déanann na húdaráis staidrimh náisiúnta agus Eurostat sonraí maidir le caiteachas cosanta rialtais ghinearálta a thiomsú agus a eisiúint, de réir Aicmiú Idirnáisiúnta Fheidhmeanna an Rialtais (COFOG) ([9]) faoi chuimsiú Chóras Eorpach na gCuntas Náisiúnta (CCE2010) ([10]). Is iomchuí na sonraí sin a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar thionchar an chaiteachais cosanta ar easnamh rialtais, ar fhiachas rialtais agus ar ghlanchaiteachas rialtais, agus ar choincheapa gaolmhara. Tá próiseas bailithe sonraí bunaithe ag Eurostat agus é ag obair i ndlúthchomhar leis na húdaráis staidrimh náisiúnta. Ba cheart na catagóirí cosanta de chuid aicmiú fheidhmeanna an rialtais AFR a bheith mar thúsphointe leis sin a dhéanamh, agus ina theannta sin ba cheart sainmhíniú ECAT a chur san áireamh agus an fhéidearthacht a bheith ann i gcónaí aghaidh a thabhairt ar neamhréireanna a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar dhifríochtaí sna córais tuairiscithe bliantúla faoi seach. Tá an próiseas bailithe sonraí ailínithe le ceanglais tuairiscithe arna mbunú le Rialachán (CE) Uimh. 479/2009 ón gComhairle ([11]).

(12) Thairis sin, i gcás roinnt de na conarthaí le haghaidh trealamh míleata a shíneofar le linn thréimhse ghníomhachtaithe an chlásail éalaithe náisiúnta, d'fhéadfadh sé nach ndéanfaí an trealamh a sheachadadh go dtí céim níos déanaí, rud a d'fhágfadh nach n-imreofaí tionchar ar an airgeadas poiblí go dtí go mbeidh tréimhse ghníomhachtaithe an chlásail caite. Chun an cás sin a chumhdach, ba cheart feidhm a bheith ag an tsolúbthacht a dheonaítear faoin gclásal éalaithe náisiúnta freisin maidir le caiteachas cosanta a bhaineann leis an seachadadh níos déanaí sin, ar choinníoll gur síníodh na conarthaí comhfhreagracha le linn thréimhse ghníomhachtaithe an chlásail agus go bhfanfaidh an caiteachas cosanta moillithe sin laistigh den uasteorainn fhoriomlán thuasluaite.

([9]) Lámhleabhar maidir le foinsí agus modhanna chun staitisticí COFOG a thiomsú – Aicmiú Fheidhmeanna an Rialtais (COFOG) – eagrán 2019.

([10]) Rialachán (AE) Uimh. 549/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir leis an gcóras Eorpach cuntas náisiúnta agus réigiúnach san Aontas Eorpach (IO L 174, 26.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/549/oj).

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 479/2009 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2009 maidir le cur i bhfeidhm an Phrótacail maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach atá i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh (IO L 145, 10.6.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/479/oj).

(13) Maidir leis an gcaiteachas a mhaoinítear le hiasachtaí arna soláthar faoi Rialachán (AE) 2025/1106 ([12]), thairbheodh sé go huathoibríoch den tsolúbthacht thuasluaite. Chuige sin, maidir leis an gcaiteachas ar fad a bhaineann le cosaint a dhéanfaí faoi Ionstraim SAFE faoi na catagóirí 'táirgí a bhaineann le cosaint' agus 'táirgí eile chun críoch cosanta' mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2025/1106, thuairisceodh na Ballstáit é sin do Eurostat.

(14) San iarraidh uaithi an 11 Meán Fómhair 2026, cuireann an Iodáil i dtábhacht freisin iarmhairtí na gníomhaíochta míleata i Murascaill na Peirse, rud a chuireann slándáil fuinnimh fhadtéarmach na hEorpa i mbaol. Is imthoisc eisceachtúil é sin nach bhfuil smacht ag an mBallstát uirthi agus éilíonn sé méadú mór ar chaiteachas rialtais chun an spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe agus na leochaileachtaí a bhaineann leo a laghdú agus, ar an gcaoi sin, cuireann méadú den sórt sin ar chaiteachas rialtais leis an tslándáil fuinnimh.

(15) San iarraidh sin uaithi, cuireann an Iodáil i láthair liosta tosaigh de bhearta slándála fuinnimh atá beartaithe a d'fhéadfadh teacht faoi raon feidhme na solúbthachta maidir le slándáil fuinnimh, bunaithe ar réamh-mheasúnú. Leis an measúnú tosaigh sin, ní dhéantar réamhbhreith ar mheasúnuithe incháilitheachta a dhéanfaidh an Coimisiún amach anseo. Féachann na bearta sin le hinfheistiú, mar shampla, i leictriú cónaithe, feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh príobháideach agus poiblí agus saoráidí príobháideacha agus poiblí, lena n-áirítear scoileanna, ollscoileanna agus saoráidí cúraim sláinte, réitigh fuinnimh in-athnuaite a chur in úsáid, lena n-áirítear córais fhótavoltacha, dreasachtaí airgeadais spriocdhírithe atá ceangailte le infheistíochtaí dícharbónaithe, infheistíochtaí in iompar iarnróid, iompar poiblí agus soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe, chomh maith le méadú ar ghiniúint fuinnimh in-athnuaite, stóráil fuinnimh, solúbthacht an chórais fuinnimh agus bithbhreoslaí.

(16) Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar incháilitheacht i dtéarmaí raon feidhme, breisíochta, spriocdhírithe, cost-éifeachtúlachta beart nithiúil, agus a dtionchair bhuiséadaigh, mar chuid dá fhaireachas fioscach tráthrialta. Déantar é sin chun an tsolúbthacht a chinneadh a eascraíonn as bearta slándála fuinnimh ar cheart iad a chur san áireamh agus an cuntas rialaithe don Iodáil á leagan amach agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíontacht leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a mholtar.

(17) Chuige sin, ba cheart don Iodáil tuarascáil a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoi dhó sa bhliain maidir le liosta na mbeart coincréiteach slándála fuinnimh a mheasann sí a bheith incháilithe do sholúbthacht faoin gclásal éalaithe náisiúnta agus fianaise a sholáthar maidir lena n-incháilitheacht agus lena dtionchar buiséadach. An tuairisciú tráthrialta sin ar na bearta slándála fuinnimh, beidh sé ina chuid den phróiseas faireachais fhioscaigh leathbhliantúil. Ba cheart a áireamh i dtuairisciú an earraigh bearta agus a gcostas buiséadach don bhliain roimhe sin agus a réamhaisnéis don bhliain reatha, agus ba cheart a áireamh i dtuairisciú an fhómhair bearta don bhliain reatha, chomh maith le bearta don bhliain dár gcionn a glacadh nó a fógraíodh go hinchreidte le mionsonraí leordhóthanacha. Cuirfidh sé sin ar chumas an Choimisiúin na bearta nithiúla chun feabhas a chur ar an tslándáil fuinnimh a chur san áireamh ina fhaireachas fioscach, laistigh de na huasteorainneacha bliantúla agus carnacha 0,3 agus 0,6 faoin gcéad de OTI, faoi seach.

([12]) Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 lena mbunaítear an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh (IO L, 2025/1106, 28.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1106/oj).

(18) Agus gach ní eile mar a chéile, beidh fiachas rialtais níos airde agus easnamh níos airde faoi dheireadh na tréimhse a chumhdaítear leis an gclásal éalaithe náisiúnta mar thoradh ar an méadú ar ghlanchaiteachas i gcaitheamh na tréimhse sin. Le réamh-mheastacháin thráscacha arna ndéanamh ag an gCoimisiún agus ar bhonn na toimhde go gcuirfear an méadú iomlán ar chaiteachas rialtais a cheadaítear leis an moladh seo (i.e. úsáid iomlán na huasteorann 1,5 % de OTI) i bhfeidhm ar bhonn líneach faoi 2028, tugtar le fios go mbeadh an cóimheas idir easnamh agus OTI agus an cóimheas idir fiachas agus OTI in 2028 1,1 pointe céatadáin agus 1,3 pointe céatadáin níos airde, faoi seach, ná mar a bheidís dá bhfásfadh glanchaiteachas i gcomhréir leis an gconair a leagtar amach le Moladh C/2025/651 ón gComhairle. Chuige sin, is dócha go mbeadh gá le coigeartú fioscach breise tar éis thréimhse ghníomhachtaithe an chlásail éalaithe náisiúnta chun ceanglais an chreata fhioscaigh a chomhlíonadh, lena n-áirítear é sin a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear nó go bhfanfaidh an cóimheas fiachais ar chonair anuas inchreidte, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % de OTI sa mheántéarma agus go bhfanfaidh an t-easnamh faoi bhun 3 % de OTI nó go dtabharfar faoi bhun an chéatadáin sin é agus go gcoinneofar faoi bhun an luacha tagartha é sa mheántéarma. Aithníonn an Iodáil go bhféadfadh sé, amach anseo, go mbeadh gá le beartais chun inbhuanaitheacht fhioscach agus comhlíonadh na rialacha fioscacha a chaomhnú sa mheántéarma mar gheall ar chaiteachas cosanta agus slándála fuinnimh atá níos airde ó thaobh struchtúir de. Leis an méadú teoranta réamh-mheasta ar leibhéil easnaimh agus fiachais arb é an clásal éalaithe náisiúnta is cúis leis, mar aon le gealltanas na hIodáile an coigeartú is gá a chur chun feidhme chun ceanglais uile an chreata fhioscaigh a chomhlíonadh sa chéad phlean eile, áirithítear go gcaomhnófar an inbhuanaitheacht fhioscach sa mheántéarma.

(19) Ní mhodhnaítear leis an moladh seo na sainmhínithe ar easnamh rialtais, ar fhiachas rialtais agus ar ghlanchaiteachas rialtais, agus ar choincheapa gaolmhara. Déanfaidh an Iodáil sonraí bunaithe ar na coincheapa sin a thiomsú agus a thuairisciú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1263, Rialachán (CE) Uimh. 479/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 549/2013.

AG MOLADH LEIS SEO:

1. Go dtí 2028, ceadaítear don Iodáil imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais a leagtar amach le Moladh C/2025/661, mar aon leis na huasrátaí sin a shárú, a mhéid nach mó an glanchaiteachas atá de bhreis ar na huasrátaí fáis sin ná an méid seo a leanas:

   (i) suim na nithe seo a leanas:

      (a) an méadú ar an gcaiteachas cosanta mar chéatadán de OTI ó bhí 2024 ann (an bhliain tagartha);

      (b) costas buiséadach na mbeart incháilithe lena bhfeabhsaítear an tslándáil fuinnimh le linn na tréimhse 2026-2028, arna chaidhpeáil ag 0,3 faoin gcéad de OTI in aghaidh na bliana agus ag 0,6 faoin gcéad de OTI i dtéarmaí carnacha i gcaitheamh na tréimhse céanna;

   (ii) ar choinníoll nach mó an diall iomlán atá de bhreis ar na huasrátaí fáis glanchaiteachais ná 1,5 faoin gcéad de OTI.

2. Sna blianta tar éis 2028, féadfaidh an Iodáil fós imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais a leagtar amach le Moladh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagail 17, 19 nó 20 de Rialachán (AE) 2024/1263, mar aon leis na huasrátaí sin a shárú, a mhéid a bhaineann an glanchaiteachas atá de bhreis ar na huasrátaí fáis glanchaiteachais le seachadtaí trealaimh mhíleata ar síníodh conradh ina leith roimh dheireadh 2028 agus a mhéid a fhanann an glanchaiteachas sin laistigh den uasteorainn fhoriomlán thuasluaite.

3. I gcomhréir le hAirteagal 22(7) de Rialachán (AE) 2024/1263, na dialltaí ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais arna leagan síos ag an gComhairle agus a cheadaítear leis an Moladh seo, ní dhéanfar iad a thaifeadadh mar dhochair i gcuntas rialaithe na hIodáile.

4. Chun a áirithiú go ndéanfar an caiteachas breise a thaifeadadh i gceart, áireoidh an Iodáil sonraí iarbhír agus sonraí beartaithe maidir le caiteachas cosanta iomlán (rannán 02 de COFOG), lena n-áirítear maidir le hinfheistíocht chosanta (rannán 02 P.51 de COFOG)agus aon chaiteachas arna mhaoiniú le hiasachtaí SAFE nach gcumhdaítear in COFOG-02:

   (a) le haghaidh na mblianta 2021 go bliain T-1 (agus bliain T mar an bhliain reatha) sa tuairisciú don Choimisiún (Eurostat) i gcomhréir le Rialachán (EC) Uimh. 479/2009;

   (b) le haghaidh na mblianta 2021 go bliain T (an bhliain reatha), i bpleananna fioscach-struchtúracha meántéarmacha náisiúnta agus i dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn i gcomhréir le hAirteagail 11(1) agus 15, agus 21(1) de Rialachán (AE) 2024/1263;

(c) le haghaidh na mblianta T (an bhliain reatha) agus T+1, i ndréachtphleananna buiséadacha i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]).

5. Chun taifeadadh ceart a áirithiú, tá an Iodáil le bearta nithiúla lena bhfeabhsaítear an tslándáil fuinnimh a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun críoch an mholta seo in 2026-2028. Agus na bearta nithiúla sin á dtuairisciú don Choimisiún, ba cheart an teimpléad tuairiscithe arna sholáthar ag an gCoimisiún a urramú, lena n-áirítear faisnéis maidir le staid an chur chun feidhme, fianaise maidir lena n-incháilitheacht, agus an tionchar buiséadach measta, arna chainníochtú ar bhealach trédhearcach agus stuama. Déanfar an tuairisciú faoi dhó sa bhliain, san earrach faoin 15 Aibreán, agus san fhómhar, i gcomhthéacs dréachtphleananna buiséadacha, faoin 15 Deireadh Fómhair.

Is chuig Poblacht na hIodáile a dhírítear an moladh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. HARRIS

([13]) Rialachán (AE) Uimh. 473/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le forálacha coiteanna le haghaidh faireachán agus measúnú ar dhréachtphleananna buiséadacha agus lena n-áirithítear easnamh iomarcach na mBallstát sa limistéar euro a cheartú (IO L 140, 27.5.2013, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/473/oj).